**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Keskinäinen Vakuutusyhtiö Fennia

*Cosantóir:* Koninklijke Philips N.V.

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 3(1) de Threoir 85/374/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1985 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le dliteanas i leith táirgí lochtacha, arna leasú le Treoir 1999/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 1999, a léirmhíniú ar chaoi a chiallaíonn nach gceanglaítear leis an gcoincheap "tairgeoir", dá dtagraítear san fhoráil sin, go n-airbheartaíonn an duine a chuir a ainm nó a hainm, trádmharc, nó aon sainchomhartha eile ar an earra, nó a d'údaraigh iad a chur ar na hearraí,, freisin gur táirgeoir an earra é nó í, ar bhealach éigin eile.

([1]) IO C 278, 12.07.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 7 Iúil 2022 (iarraidh ar réamhrialú ó Tribunal Judicial da Comarca dos Açores – an Phortaingéil) – KU, OP, GC v SATA International – Azores Airlines SA**

**(Cás C-308/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Aeriompar – Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 – Cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí – Eitiltí a chur ar ceal nó moill fhada a chur orthu – Airteagal 5(3) – Díolúine ón oibleagáid chun cúiteamh a íoc – Imthosca eisceachtúla – Easnamh ginearálaithe maidir leis an gchóras lena soláthraítear breosla d'eitleáin ag an aerfort)***

(2022/C 318/23)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal Judicial da Comarca dos Açores

**Páirtithe eile sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* KU, OP, GC

*Cosantóir:* SATA International – Azores Airlines SA

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 5(3) de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004, lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eiltiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n–aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91, a léirmhíniú ar chaoi a chiallaíonn go bhféadfaí, ós rud é go bhfuil aerfort tionscnamh na n-eitiltí nó na n-eitleán atá i gceist freagrach as bainistiú an chórais lena soláthraítear breosla do na heitleáin, easnamh ginearálaithe i soláthair breosla a mheas mar "imthosca eisceachtúil", de réir bhrí na forála sin.

([1]) IO C 329, 16.08.2021.